# COMHAR

*Leabhair*COMHAR | COMHAR*Óg* | COMHAR*Taighde*

Portráidí na Scríbhneoirí Gaeilge

47 Sráid Harrington, Baile Átha Cliath 8 Guthán: +353 – 1 – 6751992

Ríomhphost: iriscomhar@gmail.com; leabhaircomhar@gmail.com; comhartaighde@gmail.com; portraidi@gmail.com

Idirlíon: www.iriscomhar.com; www.leabhaircomhar.com; www.comhartaighde.com; www.portraidi.ie



Cathaoirleach: Cathal Goan Feidhmeannach Riaracháin agus Gnó: Elly Shaw

Stiúrthóirí eile: Cormac Breathnach, Kevin de Barra, An Dr Liam Mac Amhlaigh, Órla Ní Chuilleanáin, Ciara Ní hÉineacháin, Muireann Ní Mhóráin, Paula Ní Shlatarra, Uaitéar Ó Ciaruáin, An Dr Gréagóir Ó Dúill, Fiachra Ó Marcaigh

Eagarthóir na hIrise: Seán Tadhg Ó Gairbhí Eagarthóir Liteartha na hIrise: An Dr Máirtín Coilféir

Eagarthóir Coimisiúnaithe Leabhar: Ursula Ní Choill Eagarthóir COMHAR*Óg*: Áine Ní Ghlinn

Eagarthóirí COMHAR*Taighde:* An tOllamh Máirín Nic Eoin, An Dr Liam Mac Amhlaigh, An Dr Máirtín Coilféir


# Pacáiste Eolais

# Cúram Eagarthóir Coimisiúnaithe Leabhar

## Aibreán 2016 - Márta 2017


**Is mór ag *Leabhair*COMHAR an tacaíocht airgid ó Chlár na Leabhar Gaeilge (Foras na Gaeilge) agus ón gComhairle Ealaíon**

# Cúram Eagarthóir Coimisiúnaithe Leabhar *Leabhair*COMHAR

**Aibreán 2016 - Márta 2017**

## Clár


**A. Sainchuntas an chúraim**

**B. Iarratasóirí: cáilíochtaí riachtanacha agus inmhianaithe**

**C. Ráiteas físe**

**D. Comhthéacs**

## A. Sainchuntas an chúraim

Leis an bhforbairt leanúnach a bhaineann le hinphrionta leabhar COMHAR Teo, ***Leabhair*COMHAR**, a threisiú, ba mhaith leis an mBord Stiúrtha cúram Eagarthóir Coimisiúnaithe Leabhar a fhógairt do thréimhse bliana, den dara bliain as a chéile. Samhlaítear go bhfoilseofar sé leabhar/teideal d'inphrionta ***Leabhair*COMHAR** le linn na tréimhse seo agus is ar bhonn táille mhíosúil ar chonradh do sheirbhísí a thairiscítear an cúram.

Is é seo réimse na ndualgaisí a shamhlaítear leis an gcúram:

1. **Moltaí coimisiúnaithe leabhar** a chur faoi bhráid an Bhoird Stiúrtha agus gníomhú ar mholtaí coimisiúnaithe leabhar a thagann ón mBord Stiúrtha chun clár foilsitheoireachta leanúnach ilbhliantúil a chruthú;
2. An gnó/an t-inphrionta **a fhás go hincriminteach** le cabhair agus tacaíocht ó pháirtnéirí maoinithe an inphrionta, i bhfianaise rath díolacháin na leabhar agus suim an phobail léitheoireachta;
3. **Gréasán na scríbhneoirí** agus na scríbhneoireachta atá nasctha leis an inphrionta a láimhseáil, a chothú, a fhás agus a oiriúnú go hilbhliantúil do na riachtanais foilsitheoireachta;
4. An **clár foilsitheoireachta** cinntithe a riar (6 leabhar measta sa bhliain 2016) agus a chomhordú i gcomhar le húdair, eagarthóirí/cóipeagarthóirí seachtracha, dearthóirí, clódóirí;
5. I gcomhairle leis an bh**Feidhmeannach Riaracháin agus Ghnó**:
    - riarachán an inphrionta a bhainistiú: mar shampla, postas, íocaíochtaí isteach is amach, lóisteálacha bainc, éilimh CBL a phróiseáil, fiosrúcháin faoi cheadanna a chomhordú;
    - modhanna léitheoireachta clos-amhairc agus leictreonacha a fhorbairt agus a dheimhniú do theidil an ghnó, idir shean agus nua;
    - Taifid chuí a choinneáil den obair airgeadais agus foilsitheoireachta;
    - Margaíocht agus poiblíocht a chomhordú: mar shampla, nuashonrú an tsuímh ghréasáin, plé le poibleoirí seachtracha, ócáidí a eagrú, fógraíocht a dhéanamh, díolachán a eagrú ag ócáidí, mionorduithe a riar as an oifig;
    - Plé le seachadadh leabhar agus le bogadh stoic isteach is amach as an stóras; stocáireamh bliantúil;
    - Iarratais mhaoinithe a dhréachtú agus tuairisciú maoinithe a dhéanamh; agus

## B. Iarratasóirí: cáilíochtaí riachtanacha agus inmhianaithe

Riachtanach don chúram tá:

- Ardchaighdeán agus cruinneas i nGaeilge agus i mBéarla;
- Eolas agus tuiscint ar litríocht agus ar fhoilsitheoireacht na Gaeilge;
- Cumas plé le baill foirne eile sa chuideachta agus páirtithe leasmhara ar fad a bhaineann leis an tsraith déantúsaíochta leabhar; agus
- Cumas spriocanna a bhaint amach; agus cloí le sprioclínte.

Inmhianaithe tá:

- Cáilíocht tríú leibhéal i réimse ábhartha;
- Teagmhálacha, idir aitheanta agus phearsanta, le scríbhneoirí, dearthóirí, eagarthóirí agus lucht déantúsaíochta leabhar;
- Tuiscint ar réimsí spéiseanna léitheoirí na Gaeilge in Éirinn, chun rogha/clár oiriúnach leabhar a cheapadh don inphrionta;
- Tuiscint ar chórais ríomhaireachta a chuideodh le riaradh gnó na foilsitheoireachta;

- Taithí in obair na foilsitheoireachta, idir Ghaeilge agus/nó Bhéarla;
- Taithí riaracháin oifige;
- Taithí margaíochta; agus
- Taithí ar bhainistíocht airgid.

Is gá don iarrthóir:

- litir iarratais;
- CV; agus
- agus ráiteas físe an iarrthóra don inphrionta, a dhéanfaidh tagairt speisialta do:
    a. Conas moltaí do leabhair a choimisiúnú a bhailiú;
    b. An gnó/an t-inphrionta a fhás;
    c. Gréasán na scríbhneoirí a chothú;
    d. An clár foilsitheoireachta cinntithe a riar agus a chomhordú; agus
    e. Modhanna léitheoireachta clos-amhairc agus leictreonacha a fhorbairt,

a sheoladh chuig

**comhar.leabhair2016@gmail.com**

roimh

**Dé Máirt 16 Feabhra 2016 ar 5:00pm**,

móide sonraí teagmhála bheirt mholtóirí. Déanfar gearrliosta ina dhiaidh sin. Tá sé i gceist iarrthóirí a chur faoi agallamh don chúram ar **Luan 29 Feabhra** i mBaile Átha Cliath.

## C. Ráiteas físe

Is í an fhís atá ag Bord Stiúrtha COMHAR Teo do ***Leabhair*COMHAR**:

- go mbeidh sí ina hinphrionta foilsitheoireachta leabhar barr feabhais a bheidh mar chéad rogha ag scríbhneoirí, scoláirí, léirmheastóirí agus léitheoirí na Gaeilge;
- gur tríthí a fhoilseofar scoth na nua-litríochta cruthaithí as Gaeilge, mar is dual di ó bunaíodh an t-ainm i bhfoilsitheoireacht na Gaeilge mar iris an chéad uair sa bhliain 1942;
- go mbeidh sí ina príomhfhoilsitheoir náisiúnta na Gaeilge de leabhair litríochta, fhaisnéise, anailíse agus tráchtaireachta sa Ghaeilge ar imeachtaí an tsaoil in Éirinn agus i gcéin;
- go mbeidh sí ina hardán a chothóidh smaoineamh agus díospóireacht, saoithiúlacht agus éigse na hÉireann i ngach réimse is suim do phobal léitheoirí atá ag iarraidh lón intinne; agus
- go ndéanfaidh sí freastal ar shuim na léitheoirí i ngnéithe eile den saol comhaimseartha.

## D. Comhthéacs

Ó bunaíodh í, bhí réim saoil fhada chlúiteach ag COMHAR, ceann de na teidil is so-aitheanta agus is mó cáil i saol na Gaeilge san iriseoireacht. Ba dhúshraith agus ba chrann taca í COMHAR do shaothrú agus do bhláthú na nua-litríochta Gaeilge i gcaitheamh an ama sin. Is san iris a foilsíodh saothar le beagnach gach scríbhneoir Gaeilge a thuill clú sa tréimhse sin. Maidir le cúrsaí reatha, níor leasc riamh le COMHAR labhairt amach go calma agus go neamhspleách maidir leis na ceisteanna is mó a bhí i mbéal an phobail ag aon am ar leith.

Tuigeann Bord Stiúrtha COMHAR go bhfuilimid inár gcaomhnóirí ar thraidisiún luachmhar liteartha agus iriseoireachta, traidisiún an-sainiúil atá ina ábhar mórtais, traidisiún a thug, agus a thugann go fóill, spreagadh agus ionspioráid. Níl fúinn loiceadh ar an dtraidisiún sin. Tá fúinn, ach go háirithe, treisiú ar ábhar a fhoilsiú a fhéachann le torthaí taighde agus smaoinimh an aos tríú leibhéal a chur i láthair phobail níos fairsinge. Tuigeann an Bord, áfach, nach mór a bheith oscailte do agus tuisceanach ar, na hathruithe atá ar an saol agus ar stíleanna beatha in Éirinn agus ar fud an domhain, i bhfianaise forbairtí sa teicneolaíocht agus sa tsochaí.

Bunaíodh inphrionta foilsitheoireachta leabhar ag COMHAR chun cur leis na féidearthachtaí a bhí ag scríbhneoirí a gcuid ábhar a fhoilsiú trí Ghaeilge. Tar éis scaithimh, athbhunaíodh é faoin teideal ***Leabhair*COMHAR** ag deireadh 2009. Ní mór do COMHAR & ***Leabhair*COMHAR**, le beocht agus le samhlaíocht, freastal a dhéanamh ar réimse spéiseanna na heite níos óige i measc an spriocphobail léitheoireachta, ach go háirithe na deicheanna de mhílte céimithe óga a bhfuil cáilíochtaí tríú leibhéal bainte amach acu le 20 bliain anuas.

Tá dúshlán roimh ***Leabhair*COMHAR** agus roimh an fhoireann eagarthóireachta agus oibre meascán ábhair agus cur chuige san inphrionta a chleachtadh agus cothromaíocht chuí a aimsiú, a chuimseoidh idir ábhar a bhuanóidh traidisiún sainiúil ***Leabhair*COMHAR** go nuige seo (litríocht, úrscéalta d’fhoghlaimeoirí fásta) agus ábhar a mheallfaidh líon fairsing léitheoirí le séanraí difriúla sa leabharfhoilsitheoireacht. Tá faoi ***Leabhair*COMHAR** a bheith nuálach agus foilsiú a dhéanamh i bhfoirm sraitheanna a fhágadh lón léitheoireachta ag pobal na Gaeilge nach bhfuil fáil air ó pheann ná ó phár na bhfoilsitheoirí Gaeilge eile.

Bhunaigh Meitheal Oibre Leabhar de chuid COMHAR Teo, a bhí freagrach don Bhord Stiúrtha as cúram ***Leabhair*COMHAR** ó 2009-2014, na sraitheanna leabhar seo a leanas:

- **Foghlaimeoir Fásta** – úrscéalta d’fhoghlaimeoirí fásta na teanga;
- **Doras Feasa** – leabhair fhaisnéise ar thopaicí Éireannacha don ghnáthphobal;
- **Guth Nua** – leabhair á scríobh ag scríbhneoirí úra na teanga, le béim ar an litríocht;
- **An Saol Óg** – leabhair lándaite do pháistí;
- **Téad na Filíochta** – leabhair d’fhilíocht théamúil ó údair aitheanta; agus
- **Saol & Saothar** – beathaisnéisí acadúla; nó rogha scríbhninní ó údar acadúil.